

DOC Dublin Offshore



ACHOIMRE FHEIDHMEACH

Ros an Mhíl

Mol Straitéiseach d'Fhorbairt agus chun Tacú le Tionscal Ghaoth Eischósta
ar Chósta Thiar na hÉireann

Meán Fómhair 2021

Cliant

Is é Údarás na Gaeltachta an t-údarás forbartha réigiúnach d'fhorbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha na Gaeltachta agus é mar chuspóir foriomlán an Ghaeilge a chaomhnú mar theanga chomhchoiteann an réigiúin. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar www.udaras.ie.



**Údarás na
Gaeltachta**

Eolas faoin Tuarascáil seo

Dáta eisiúna: Meán Fómhair 2021

Príomh-Údar: Dublin Offshore

Foireann Tionscadail:

Cruthú Cás & Straitéis Fiontraíochta – Lumen Energy & Environment.

Anailís Chomhshaoil – ITP Energised.

Anailís Eacnamaíoch – BIGGAR Economics.

D'ullmhaigh an Fhoireann Tionscadail an tuarascáil seo bunaithe ar anailís neamhchlaonta ar fhoinsí príomha agus tánaisteacha, lena n-áirítear comhairliúcháin le páirtithe leasmhara. Ba mhaith leis na húdair buíochas a ghabháil le gach duine a chuir a gcuid ama agus a gcuid saineolais ar fáil le linn ullmhú agus comhlánú na tuarascála seo. Buíochas speisialta le hÚdarás na Gaeltachta agus leis an nGrúpa Comhairleach Geallsealbhóirí a raibh ionchur agus aiseolas leo an-luachmhar agus an tuarascáil seo á chomhlánú.

Séanadh


Cé gur rinneadh bearta réasúnta chun a chinntiú go bhfuil an t-eolas atá sa bhfoilseachán seo cruinn, ní thugann na húdair, a ngníomhairí, conraitheoirí agus fochonraitheoirí aon bharánta agus ní dhéanann siad aon uiríoll maidir lena chruinneas agus ní ghlacann siad le haon dlíteanas as aon earráidí nó easnaimh. Is maoin de chuid Dublin Offshore iad aon trádmharcanna, marcanna seirbhíse nó lógónna a úsáidtear sa bhfoilseachán seo, agus cóipcheart ann. Níor chóir aon ní sa bhfoilseachán seo a fhorléiriú mar ní a cheadaíonn aon cheadúnas nó ceart chun aon cheann de na trádmharcanna, de na marcanna seirbhíse, de na lógónna, den chóipcheart, ná d'aon fhaisnéis dlíseánaigh a úsáid nó a atáirgeadh ar aon bhealach gan cead i scríbhinn a fháil roimh ré.

Deis agus Comhthéacs

Déanann an tuarascáil seo measúnú ar na deiseanna agus na srianta Teicniúla, Comhshaoil agus Socheacnamaíocha do chalafort Ros an Mhíl i bhfianaise na forbartha atá beartaithe do Ghaoth Eischósta Snámha (FOW) ar chósta thiar na hÉireann. Féadfar an anailís a úsáid chun cinnteoireacht na bpáirtithe leasmhara ar fad a threorú maidir le infreastruchtúr agus áiseanna a fhorbairt go fadthéarmach chun freastal ar riachtanais spriocdhírthe sciar an mhargaidh FOW.

Tá tiomantas láidir tugtha ag Éire d'fhás na gaoithe amach ón gcósta, agus tá cúinsí comhshaoil, go háirithe ar chósta an Iarthair/an Atlantaigh, níos oiriúnaí d'Ardáin Snámha do Ghaoth Eischósta – margadh atá ag teacht chun cinn go gasta agus a rachaidh i méid sna deich mbliana amach romhainn. Áfach, beidh infheistíocht i gcalafort agus in infreastruchtúr ag teastáil uaidh Éire chun leas a bhaint as na buntáistí comhshaoil agus eacnamaíocha a thiocfaidh as tógáil agus oibríocht sócmhainní giniúna nua.

Tá sé mar aidhm ag an gClár Rialtais 'Ár dTodhchaí Chomhroinnte' leas a bhaint as "30 GW de chumhacht gaoithe amach ón gcósta ar a laghad" amach ó chósta an Atlantaigh roimh 2050. Léiríonn an Plean Forbartha Fuinnimh In-athnuaite Amach ón gCósta (OREDP) féidearthacht go mbeadh 27 GW de ghaoithe ar snámh in uiscí na hÉireann (7GW sa réigiún ar an gcósta thiar is gaire do Ros an Mhíl). Chun méid an MW atá le suiteáil agus an gá le háiseanna calafoirt ar bhord farraige an iarthair a réamhmheas, cruthaíodh cásanna Ísle, Meánacha agus Arda le méid táscach suiteáilte (MW) thar thréimhse 5-bliana.



ACHOIMRE FHEIDHMEACH

Tugtar faoi deara go mbeidh gá an eangach ar fud an chósta thiar a neartú i gcás íseal, i bhfianaise na srianta atá ann faoi láthair maidir le toilleadh na heangaí, beidh gá le hathneartú suntasach eangaí i gcás ard chomh maith le húsáidí eile don leictreachas a tháirgeann ag gaoth ar snámh, ar nós Hidrigin a tháirgeadh, comhtháthú chuig sár-eangach agus e-bhreoslaí eile cosúil le hAmóinia don loingseoireacht.

Tá sé de chumas ag Ros an Mhíl tacaíocht mhór a thabhairt do phíblíne shuntasach Ghaoth Eischósta Snámha ar Chósta Thiar na hÉireann. Tugann a thréithe comhcheangailte, a chóngracht do shuímh tionscadal amach ón gcósta agus an dead do bheart domhain 12m, deis don Chalafort dul isteach i margadh an fhuinnimh amach ón gcósta ar bhealach atá éifeachtúil ó thaobh costas de agus tráthúil. D'fhéadfadh deiseanna fostaíochta fadtéarmacha sa gceantar gar don Chalafort agus laistigh den réigiún a bheith mar thoradh ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch suntasach a bhaineann le hoibríochtaí tógála agus feirme gaoithe amach ón gcósta.

Leagtar béim san anailís seo ar na rioscaí agus na deiseanna do Ros an Mhíl mar chalafort Oibríochtaí agus Cothabhála (O&C) agus mar bhonn do ghníomhaíochtaí cóimeála le linn fhorbairt ghaoth eischósta snámha.

Cásanna Spriocmhargáí

Rinneadh na cásanna féideartha seo a leanas a shainiú agus a mheasúnú mar chuid den anailís.

Cás 1: Sainmhínítear calafort mar áit is féidir a úsáid mar chalafort mearfhreagartha d'Oibríocht & Cothabháil ar thionscadal FOW, san áireamh sa gcalafort bheadh áis oifige O&C do theicneoirí agus ionad rialaithe d'oibriú na feirme gaoithe. Bheadh rochtain ag teicneoirí ar fheirm na gaoithe ón gcalafort ag baint úsáide as soithí seirbhíse, soithí aistrithe criú agus héileacaptair.

Cás 1a: Sainmhínítear calafort mar áit a d'fhéadfadh feidhmiú mar Chalafort O&C mearfhreagartha, ach leis na háiseanna agus na riachtanais bhreise chun a bheith in ann comhphárteanna áirithe, níos lú atá ag teastáil le linn tionscadal FOW a stóráil agus a úsáid, d'fhéadfadh slabhraí agus ancairí múrála a bheith san áireamh anseo.

Cás 1b: Sainmhínítear calafort mar áit a d'fhéadfadh feidhmiú mar chalafort mearfhreagartha O&C, ach freisin a bheadh mar ionad mórdheisiúcháin chothabhála, agus le breis áiseanna agus riachtanais chun cuid de na comhphárteanna móra (córais múrála, cáblaí srl.) a stóráil agus a úsáid a fhad is atá tionscadal FOW á thógáil.

Cás 2: Sainmhínítear ‘calafort cnuasach’, i.e. mar chalafort atá sách mór chun óstáil a dhéanamh ar réamhdhéanamh, cóimeála agus ar shuiteáil tuirbíní gaoithe; gach gníomhaíocht a bhaineann le tógáil chomh maith le Seirbhís Oibríúcháin & Cothabhála (mearfhreagartha & mórdheisiúcháin).

Príomhthorthaí

- Is an-deis do Ghaeltacht agus d’eacnamaíocht na Gaillimhe é forbairt Ros an Mhíl mar chalafort tacaíochta don earnáil ghaoth eischósta snámha. Léiríonn seilbh Green Investment Group ar Fhuinneamh Sceirde, feirm ghaoithe eischósta 400MW, le gairid na comharthaí luatha d’aidhmeanna an mhargaidh gaoithe eischósta sa réigiún.
- I ngach ceann de na cásanna atá leagtha amach, teastaíonn infheistíocht bhreise sa gcalafort ionas go mbeidh sé oiriúnach d’fheidhm gach úsáideoir (i.e. iascaireacht, turasóireacht, bád farantóireachta agus foinsí in-athnuaite amach ón gcósta). Léiríonn an éagsúlacht i gcostais infheistíochta i gcalafóirt, idir €17.4M agus €170.5M do chásanna oibríochtúla an tábhacht atá le soiléiriú a fháil ar an spriocmhargadh a bhfuil sé beartaithe freastal air agus an t-infreastruchtúr cuí atá le forbairt i gcomhthéacs na riachtanais tionsclaíochta.
- Níl infreastruchtúr oiriúnach ag Ros an Mhíl faoi láthair chun tacú le hobair mhór thógála & cóimeála, agus beidh gá le cainéal dreidireachta, síneadh cé agus obair athfhorbartha talún chun é sin a dhéanamh.
- Tá rogha calafóirt O&C níos suíomh-íogair ó thaobh na tíreolaíochta de ná gníomhphas na tógála. Tá Ros an Mhíl in áit mhaith le dul san iomaíocht mar chalafort O&C d’fheirmeacha gaoithe ó Cheann Léime go Béal an Mhuirthead.
- Tugann fócas ar úsáid an chalafoirt i gcomhair Oibríochtaí agus Cothabhála amháin an cóimheas costais is tairbhiúla ar na cásanna múnlaíthe, ach an buntáiste oll-luach is ísle do Ghaeltacht na Gaillimhe.
- Tugann fócas ar úsáid an chalafoirt mar chalafort cóimeála cóimheas costais den chineál céanna, agus buntáistí suntasacha oll-luach, i gcomparáid le O&C amháin. Mar atá luaite thuas, áfach, tá oibreacha suntasacha mara agus ar an mórhír ag teastáil.
- Cuireann obair thógála tionscadail gníomhaíochtaí eacnamaíochta ar fáil níos luaithe ná O&C. Caillfidh Ros an Mhíl buntáiste an cheannródaí mura bhfuil ach straitéis O&M á fhorbairt, má bhíonn sé de chumas ag calafóirt cóngaracha sa réigiún freastal ar an bpas tógála ar dtús. Ní mhór cinneadh infheistíochta a dhéanamh sula rachaidh cead pleanála reatha in éag.

ACHOIMRE FHEIDHMEACH

- Éilíonn Cás 2 infheistíocht bhreise shuntasach chun an calafort a oscailt do réimse leathan gníomhaíochtaí déantúsaíochta agus cóimeála agus oibriúcháin. Mar sin féin, ní thugann sé buntáiste suntasach breise don oll-luach i gcomparáid le Cás 1b.

Príomhnamh: Cé go bhfuil gach rogha ar fáil do Ros an Mhíl, tá spéis ar leith ag baint leis an bhféidearthacht tacaíocht O&C agus cóimeála a chur ar fáil mar atá sonraithe i gCás 1b, ar na cúiseanna a leagtar amach thuas. Bunaithe ar sheirbhísí a chur ar fáil do thograí 3GW, níos lú ná leath an imlonnaithe íseal FOW, d'fhéadfadh suas le 900 post díreach agus indíreach a bheith mar thoradh air seo don réigiún.

Achoimre Torthaí Cás (in aghaidh an togra 500 MW)

| | Cás 1 | Cás 1a | Cás 1b | Cás 2 |
|--------------------------------------------------------------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Cur Síos | Calafort O&C mearfhreagartha do thogra 500MW x 1 | Cás 1 móide tacaíocht choimhdeach tógála | Cás 1a & Stáitsiú/ Cóimeála | Calafort cnuasach |
| Costas Infheistíochta Calafort (€m) (Costas Seasta) | 17.4 | 24.6 | 54.5 | 170.5 |
| Oil-luach Breise – Gaeltacht na Gaillimhe (ar thogra 500MW) | 103.5 | 105.4 | 321.3 | 389.1 |
| Cóimheas Costais is Tairbhiúla (ar thogra 500MW) | 5.95 | 4.28 | 5.90 | 2.28 |
| Measúnú Toilteanach | Mion | Mion | Suntasach | Suntasach |
| Srianta Comhshaoil | Íseal | Íseal - Meánach | Meánach - Ard | Meánach - Ard |
| Riosca | Rogha riosca is ísle chun úsáid a bhaint as an gcalafort ar an gcostas is lú. Ach cuirfidh sé cosc ar fhorbairt infreastruchtúr calafort a chinnteoidh buntáiste eacnamaíochta níos leithne. Braitheann an úsáid ar thógáil feirm ghaoithe taobh leis an gcalafort agus ar thráthúlacht na gconarthaí O&C. | Tugann an cás seo Cóimheas Costais is Tairbhiúla mar caithfidh an infheistíocht a bheith inmharthana ach tá aon bhuntáiste Oil-luach Breise beag i gcomparáid le Cás 1. Theastóidh ullmhúcháin agus forbairt talún suntasach ar an mórthír. | Forbairt shuntasach mara agus talamh riachtanach. Le cásanna conair imlonnaithe íseal tá baol ganntanas conarthaí ann. Chomh maith leis seo, tá tionchar comhshaoil níos mó agus rioscaí gaolmhara toilteanas leis an rogha seo. | Forbairt shuntasach mara agus talamh riachtanach. Tá riosca ard le hinfeistíocht bhreise maidir le gníomhaíocht calafoirt a fháil. Chomh maith leis seo, tá tionchar comhshaoil níos mó agus rioscaí gaolmhara toilteanas leis an rogha seo. |



ACHOIMRE FHEIDHMEACH

| | | | | |
|-------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Deis | <p>Tugann an deis conartha O&C buntáiste fad théarmach seasmhach thar fad saoil na feirme gaoithe. Deis calafort ilúsáide a fhorbairt chun gníomhaíochtaí reatha an chalafoirt ar nós iascaireachta a fheabhsú.</p> | <p>Cead do gníomhaíochtaí agus buntáistí breise taobh amuigh de O&C (cé nach bhfuil na buntáistí oll-luacha breise suntasach). Deis calafort ilúsáide a fhorbairt chun gníomhaíochtaí reatha an chalafoirt ar nós iascaireachta a fheabhsú.</p> | <p>Níl áiseanna cóimeála calafort feiliúnach in Iarthar na hÉireann go fóill. I gcásanna imlonnú Meanach - Ard bheadh straitéis il-chalafort riachtanach. Deis calafort ilúsáide a fhorbairt chun gníomhaíochtaí reatha an chalafoirt ar nós iascaireachta a fheabhsú.</p> | <p>Deis buntáiste a bhaint as éifeacht cnuasach thar ama mar atá le feiceáil ar shuíomh ar nós an Humber ar chósta thoir Shasana.</p> |
|-------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|

Ros an Mhíl

Faoi láthair, níl sé de chumas ag Ros an Mhíl tacaíocht a thabhairt d'obair thógála eischósta ar mhórsála. Mar sin féin, tugann cead pleanála a ceadáíodh don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) in 2018 do ché domhain 200m deis an t-infreastruchtúr riachtanach a fhorbairt ar an mórthír. Tá Ros an Mhíl uathúil i measc na gcalafort eile ar chósta thiar na hÉireann de bharr an cead atá ann cheana féin d'infreastruchtúr leis an bpoitéinseal tacú le píblíne togra FOW.

Tacaíonn an Calafort faoi láthair le gníomhaíochtaí bád farantóireachta, iascaireachta agus fóillíochta sa gcuan atá ann cheana. Ní mór úsáideoirí reatha an chalafoirt a chur san áireamh sa bhforbairt bhreise atá beartaithe, agus déanfar sonraíocht infreastruchtúr a thabhairt chun cinn de réir riachtanais an spriocmhargaidh agus riachtanais na bpáirtithe leasmhara.



Úinéireacht talún i Ros an Mhíl. Teorainn phleanála i nDEARG. Talamh faoi úinéireacht an Údarás i nGLAS. Talamh faoi úinéireacht an RTBM i nGORM

Baineann Ros an Mhíl tairbhe as banc talún suntasach in aice leis an mbeart domhain 12m atá beartaithe, faoi úinéireacht Údarás na Gaeltachta agus RTBM. Tugann an talamh atá ar fáil rochtain dhíreach ar an gcé agus cuireann sé poitéinseal fáis ar fáil chun freastal ar thréachur suntasach lastais tograí, chomh maith le spás oifige agus oibre.

D'fhéadfaí dá fheidhm na ngníomhaíochtaí cuain atá ann cheana agus gníomhaíocht tacaíochta FOW a bhaint amach tríd an bhforbairt bheartaithe trí dhearadh mionsonraithe ar lorg na háise nua, agus trí phleanáil lóistíochta sonracha do thograí.

Tugann a thréithe comhcheangailte, cóngarachta gar do shuímh tograí amach ón gcósta agus toiligh beart domhain 12m, an deis don Chalafoirt dul isteach i margadh an fhuinnimh eischósta ar bhealach atá éifeachtúil ó thaobh costas de.

Oiriúnacht an infreastruchtúir Aontaithe

Tá leibhéal ard oiriúnachta ag an infreastruchtúr aontaithe chun cuspóir nua a thabhairt don fhorbairt i seirbhís don tionscal FOW. Cuireann fad na cé, doimhneacht an bhearta agus an banc talún ar an mórhír acmhainn ar fáil do go leor de na gníomhaíochtaí láimhseála O&C agus lasta a bhfuiltear ag súil leo. Tá poitéinseal na háise chun ardáin FOW a sheirbhísiú go díreach laistigh den Chalafort ag brath go príomha ar dhoimhneacht an Chainéil Rochtana agus ag lorg an phóca domhain. Aithnítear freisin go bhfuil Cóimheas Costas is Tairbhiúla ard ag deighleoga margaidh laistigh de FOW nach dteastaíonn rochtain chuig ardán ar an gcé i gcoibhneas leis an infheistíocht atá ag teastáil.

| Tréithe an Áis Aontaithe | | | | Tá | Soiléiriú ag teastáil | Níl |
|--------------------------|----|----|---|----------------------------------------------------------|------------------------------------------------------------------------------------------|-----|
| 1 | 1d | 1b | 2 | Gníomhaíocht Tacaíochta FOW | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Calafort baile Soitheach Seirbhís Oibríochta | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Calafort baile Soitheach Aistrithe Criú | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Soithí Lastais: Lo-Lo | | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Soitheach Láimhseála Ancaire | | |
| | | ✓ | ✓ | Ardán Cóimeála agus Tacaíocht Imlonnaithe | | |
| | | ✓ | ✓ | Tacaíocht Ardán O&C | | |
| | | ✓ | ✓ | Craein bhuan d'oibríochtaí RNA: Craein cois cé. | | |
| | | ✓ | ✓ | Craein shealadach d'oibríochtaí RNA: Craein ráillí. | | |
| | | ✓ | ✓ | Craein d'oibríochtaí RNA: Báirse Ardaithe (JUB) le hais. | | |
| | | ✓ | ✓ | Riachtanais Spás ar an mórhír | Spás Tuirlingte Cé: Spás chun lastas a stóráil chun WTG a chóimeáil go sciobtha cois cé. | |
| | | ✓ | ✓ | | Bos: (Rácáil 3-aonad) | |
| | | ✓ | ✓ | | Nacelles | |
| | | ✓ | ✓ | | Túr | |
| | ✓ | ✓ | ✓ | | Ancairí | |
| | ✓ | ✓ | ✓ | | Slabhra | |
| | ✓ | ✓ | ✓ | | Líne sintéiseach | |
| | ✓ | ✓ | ✓ | | Seodra múrála: Baoithe, meáchain toim, comhpháirteanna laghdú lastáil srl | |
| | ✓ | ✓ | ✓ | | Cábla Eagair Leictreach | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | Comhpháirteanna RNA | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | Ionad O&C | |
| ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | Rochtain héileacaptair | |
| ✓ | ✓ | | | | Bealach Rochtana: CD -7 m, Leithead 100 m | |
| ✓ | ✓ | | | | Bealach Rochtana: CD -8 m, Leithead 100 m | |
| | | ✓ | | Bealach Rochtana: CD -9 m, Leithead 100 m | | |
| | | | ✓ | Bealach Rochtana: CD -12 m, Leithead 100 m | | |
| ✓ | ✓ | | | Caschiorcal: CD -7 m, Trastomhas 200 m | | |
| ✓ | ✓ | | | Caschiorcal: CD -8 m, Trastomhas 200 m | | |
| | | ✓ | | Caschiorcal: CD 9 m, Trastomhas 200 m | | |
| | | | ✓ | Caschiorcal: CD 12 m, Trastomhas 200 m | | |
| | | ✓ | ✓ | Stóráil Fliuch: Cuan na Gaillimhe | | |

Srianta Comhshaoil

Ba iad príomhaidhmeanna an staidéir seo ná na nithe seo a leanas a shainaitheint:

1. Má chumhdaítear an cás faoin gcead pleanála atá ann cheana agus/nó dá mbeifí ag súil le tionchair comhshaoil sa mbreis orthu siúd a sainaitheint sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta.
2. Má táthar ag súil le tionchair bhreise, cad iad na tionchair sin agus cad iad na measúnuithe breise agus/nó na toilithe breise a bheadh ag teastáil, más ann dóibh.
3. Gach cás a rangú trí úsáid a bhaint as córas soilse tráchta (m.sh. rioscaí comhshaoil agus rioscaí toilithe atá íseal, meánach agus ard) chun cás tosaíochta comhshaoil a chinneadh.

Sainaitheint sa mheasúnú srianta féideartha agus riachtanais toilithe a bhaineann le gach cás forbartha agus tugtar moltaí d'imscrúduithe breise, nuair is ábhartha. Níl aon ghealltanais léi nach n-aithneofar aon bhacainn eile ar phleanáil ná ar fhorbairt le linn tuilleadh oibre imscrúdaithe. Bheadh tionchair bhreise agus na riachtanais toilithe is lú mar thoradh ar chás 1 agus ag an am céanna is ag Cás 2 a bheadh an tionchar breise is mó. Bheadh tionchar breise cosúil le Cás 1b ag Cás 2.

| Réimse | | Cás 1: | Cás 1d | Cás 1b | Cás 2: |
|---------------------------------|------------------------|--------|---------|---------|---------|
| Éiceolaíocht | Talún | Íseal | Meánach | Meánach | Meánach |
| | Mara | Íseal | Íseal | Ard | Ard |
| | Suímh ainmnithe | Íseal | Íseal | Ard | Ard |
| Tírdhreach agus amhairc | | Íseal | Íseal | Meánach | Ard |
| Geolaíocht agus acmhainní uisce | | Íseal | Íseal | Íseal | Meánach |
| Oidhreacht chultúrtha | | Íseal | Íseal | Íseal | Meánach |
| Torann | Talún | Íseal | Meánach | Meánach | Meánach |
| | Mara | Íseal | Íseal | Ard | Ard |
| Úsáideoirí eile muirí | Loingseoireacht | Íseal | Íseal | Íseal | Íseal |
| | Iascaireacht | Íseal | Íseal | Íseal | Íseal |
| | Gaoth amach ón gcósta | Íseal | Íseal | Íseal | Íseal |
| | Suímh tástála fuinnimh | Íseal | Íseal | Íseal | Íseal |
| | Dobharshaothrú | Íseal | Íseal | Íseal | Íseal |
| Iompar agus rochtain | | Íseal | Íseal | Íseal | Íseal |
| Eitlíocht | | Íseal | Íseal | Íseal | Íseal |

Buntáiste Socheacnamaíoch

Tá sé de chumas ag infheistíocht i Ros an Mhíl poist buana sáraithe a chruthú laistigh de Ghaeltacht na Gaillimhe do gach feirm ar a bhfreastalaíonn an calafort. Tá píblíne náisiúnta tograí tuartha suas go 35GW faoi 2050, agus dá bhrí sin d'fhéadfaí iliomad de na poist sin a bhaint amach ag brath ar luas imlonnaithe na dtograí.

Dá mbeadh an calafort ag díriú ar sheirbhísiú a dhéanamh ar fheirmeacha gaoithe 3GW (6 x 500 MW), d'fhéadfaí suas le 366-1080 post O&C a chruthú i nGaeltacht na Gaillimhe, is ionann sin agus faoi leath den 7000MW iomlán réamh-mheasta de thograí a bheidh le suiteáil roimh 2050 i gcás imlonnaithe íseal.


| 500MW Deiseanna Cruthú Post | | | | | | |
|-------------------------------------|------------------------|------|--------|--------|--------|--------|
| Critéir | | | Cás 1: | Cás 1a | Cás 1b | Cás 2: |
| Poist Dhíreacha de réir Ceantair | Gaeltacht Gaillimhe | na | 54 | 54 | 134 | 160 |
| | Contae Gaillimhe | na | 63 | 63 | 23 | 23 |
| | An chuid eile d'Éirinn | eile | 147 | 147 | 107 | 81 |
| Poist Indíreacha de réir Ceantair | Gaeltacht Gaillimhe | na | 7 | 7 | 16 | 20 |
| | Contae Gaillimhe | na | 15 | 15 | 12 | 13 |
| | An chuid eile d'Éirinn | eile | 122 | 122 | 116 | 111 |
| Iomlán na bpost de réir Ceantair | Gaeltacht Gaillimhe | na | 61 | 61 | 150 | 180 |
| | Contae Gaillimhe | na | 78 | 78 | 35 | 36 |
| | An chuid eile d'Éirinn | eile | 269 | 269 | 223 | 192 |
| Iomlán na hÉireann in aghaidh 500MW | | | 408 | 408 | 408 | 408 |

I gcás Chás 1b, trí sheirbhísiú 3GW, nach bhfuil ach 10% de spriocanna Chlár an Rialtais ann, chruthódh calafort Ros an Mhíl 900 post buan i nGaeltacht na Gaillimhe. D'fhéadfadh an fhorbairt sin tacú le daonra an phobail áitiúil a choinneáil agus imircigh réigiúnacha a mhealladh chun filleadh ar an gceantar.

Tá gach ceann de na cásanna seo ag brath ar infheistíocht bhreise sa gcalafort. Léiríonn an éagsúlacht i gcostais infheistíochta calafoirt idir €17.4M agus €170.5M i cásanna oibríochtúla an tábhacht a bhaineann leis an deighleog spriocmhargaidh a bhfuil sé beartaithe a sheirbhísiú agus infreastruchtúr a fhorbairt atá ag luí leis na riachtanais tionscail a shainnithint go soiléir. Baineann an cinneadh tábhachtach leis an infheistíocht is gá chun rochtain ar ardáin a cheadú cois cé, agus an tionchar ar thoirteanna dreidire agus an CAPEX a bhaineann leis na doimhneachta uisce inseolta riachtanach. Trí

ardáin a bheith ar taobh, mar atá measta i gCás 1b agus i gCás 2, is féidir céimeanna a athrú sa GVA a chuirtear ar fáil don réigiún, ach tá tionchar suntasach acu ar chostas, ar phleanáil agus ar lóistiocht. Tá cúrsaí craenach, i bhfianaise na saincheisteanna a bhaineann le costas agus soláthar do mhéideanna craenacha is gá le haghaidh FOW, ríthábhachtach chun an ról is tairbhiúla a bhunú don Chalafort. B'fhéidir gur fiú dianmhachnamh a dhéanamh roimh an infheistíocht ar bhealaí atá éifeachtúil ó thaobh costais de, chun roghanna tacaíochta ar an gcostas is lú a fháil ar dtús, agus ansin aon uasghrádaithe a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo chun tairbhe eacnamaíochta níos mó a bhaint as na hacmhainní méadaithe.

Sa tábla seo a leanas tugtar achoimre ar chostais agus ar bhuntáistí bunaithe ar ghníomhaíochtaí 3GW O&C (indéanta fiú laistigh de chur i bhfeidhm chás íseal) go dtí 2050. Cé go bhfuil na costais infheistíochta seasta, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go gcuirtear an GVA atá leagtha amach in aghaidh an 500MW san áireamh le cumas an togra urraithe ag calafort Ros an Mhíl.





www.dublinoffshore.ie

© Dublin Offshore 2021. Gach ceart ar cosaint.